An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# NUACHTLITIR STAIDÉAR GNÓ

Eagrán 2

Deireadh Fómhair 2020

## *San eagrán seo*

Fáilte

Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora (CSS): Scrúdú Deiridh 2019

An tSraith Sóhisearach Staidéar Gnó: Tuarascáil ar Luathachtú

Dátaí Tábhachtacha MRB

*Imeachtaí atá le Teacht*

Info@jct.ie

@jct_Business

www.jct.ie

***Fáilte*** go dtí an dara nuachtlitir den bhliain acadúil seo. Tá súil againn go bhfuil tú go maith agus an nuachtlitir seo ag teacht chugat agus go bhfuil tú ag socrú isteach sa scoilbhliain nua. Tá an t-eolas is déanaí sa Nuachtlitir seo mar eolas duit. Seol aon cheisteanna nó aon fhiosrúcháin a bheadh agat chuig info@jct.ie

## Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2019

D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora maidir le Scrúdú Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí 2019.

Is foinse luachmhar eolais í seo a mbeidh spéis ag gach múinteoir staidéar gnó inti. Ba chóir Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora a léamh i gcomhar leis an bPáipéar Scrúdaithe Scríofa agus leis an Tasc Measúnaithe, mar aon leis na Scéimeanna Marcála gaolmhara atá foilsithe. Tá an tuarascáil le fáil anseo: https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=en&sc=cr

Tá an scéim scrúdaithe agus mharcála do 2019 le fáil anseo: https://www.examinations.ie/exammaterialarchive/

Tá an dá dhoiciméad ar fáil freisin le híoslódáil ó Leathanach na bPríomhdhoiciméid ar ár láithreán gréasáin: https://jct.ie/leagangaeilge/business_studies/key_documents_ga

## Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí: Tuarascáil luathachtaithe

D'fhoilsigh an CNCM an "Tuarascáil ar Luathachtú Staidéar Gnó SS" ar an 24 Meán Fómhair. Chlúdaigh an t-athbhreithniú seo go leor téamaí agus topaicí lena n-áirítear:

- Pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú
- Comhleibhéal
- 200 uair an chloig
- Torthaí Foghlama
- Príomhscileanna
- Gach gné den Mheasúnú

Molaimid do gach múinteoir Staidéar Gnó agus do Roinn Ábhair Staidéar Gnó bhur Scoile an cháipéis a léamh ina hiomláine. Tá sé ar fáil tríd an nasc seo: https://ncca.ie/en/resources/report-on-the-early-enactment-of-jc-science-and-business-studies

## Measúnú Rangbhunaithe Dátaí Tábhachtacha:

Meabhrúchán beag le cur in iúl gur fhoilsigh CSS Príomhdhátaí nuashonraithe don bhliain acadúil 2020 / 21 ar an 9 Meán Fómhair. Tá an doiciméad ar fáil anseo: https://ncca.ie/media/4684/ncca_cbas_for_student_cohort_2018-2021.pdf

## *"Ag Tabhairt Aire don Ghnó"* Oidí-le-Chéile ar Líne

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh Foireann Chomhlach Staidéar Gnó SSM ag óstáil imeacht beo Súmála Oidí-le-Chéile Déardaoin 15 Deireadh Fómhair 2020 ó 7pm go 8:15pm.

Beidh sraith seomraí le haghaidh grúpaí beaga san imeacht seo agus is trí réamhchlárú docht amháin a cheadófar freastal. Is é 5pm Déardaoin 8 Deireadh Fómhair 2020 an spriocdháta chun clárú don imeacht seo. 'Táimid ag cur te-orainn 150 múinteoir ar a mhéad leis an ócáid. 'Is ar bhonn gach duine mar a thagann a bheas an clárú. Sa chás go mbíonn ró-éileamh ar an Oidí-le-Chéile, cruthóimid liosta feithimh.

Is féidir le múinteoirí Staidéar Gnó clárú tríd an nasc seo: https://forms.gle/EtfSAB6sbb2nqgEr8

## Féile Foghlama "Oscailte don Ghnó" Fóram Plé ar Líne

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh fóram plé idirghníomhach ar líne á óstáil ag Foireann Staidéar Ghnó an SSM Dé Máirt 20 Deireadh Fómhair ó 5pm go 6:15pm.

Ar an gclár oibre le haghaidh plé agus comhrá tá míreanna amhail Tuarascáil ar Luathachtú Staidéar Gnó an CNCM, Tuarascáil Phríomhscrúdaitheoir an CSS ar Scrúdú Staidéar Gnó SS, Acmhainní nua SSM don Staidéar Gnó, Fócas ar MRB 1 i gcomhthéacs reatha Covid-19 agus seisiún ceisteanna agus freagraí le maidhc oscailte.

Eiseofar tuilleadh sonraí mar gheall ar an imeacht seo in am trátha.